Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Samhain 2023
(OR. en)

14318/23

LIMITE

CORLX 973
CFSP/PESC 1418
RELEX 1203
COLAC 128
COARM 275
FIN 1068

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/2063 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/2063 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/2063 ón gComhairle an 13 Samhain 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala[1], agus go háirithe Airteagal 17(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 295, 14.11.2017, lch. 21.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 13 Samhain 2017, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2017/2063.

(2) An 10 Samhain 2022, i bhfianaise na géarchéime leanúnaí polaitiúla, eacnamaíche, sóisialta agus daonnúla i Veiniséala agus na ngníomhaíochtaí leanúnacha a bhaineann an bonn den daonlathas, den smacht reachta agus den urraim do chearta an duine, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2201[1] lena ndearnadh na bearta sriantacha a bhí i bhfeidhm a athnuachan go dtí an 14 Samhain 2023, lena n-áirítear gach uile ainmniúchán. An lá céanna, ghlac an Chomhairle Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2194[2], lenar leasaíodh an ráiteas ar chúiseanna don 17 nduine atá liostaithe.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 17(4) de Rialachán (AE) 2017/2063, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar na bearta sriantacha atá i bhfeidhm. Bunaithe ar an athbhreithniú sin, ba cheart na bearta sriantacha i gcoinne gach duine ar an liosta a leagtar amach ann, cé is moite d'aon duine éagtha amháin, a athnuachan go dtí an 14 Bealtaine 2024, agus ba cheart an ráiteas ar na cúiseanna atá le 16 dhuine a nuashonrú.

(4) Ní dhéanann na bearta sin difear don phobal i gcoitinne agus is féidir iad a fhreaschur i bhfianaise an dul chun cinn chun an daonlathas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine a athbhunú i Veiniséala.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2063 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (CBES) 2022/2201 ón gComhairle an 10 Samhain 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2074 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala (IO L 292, 11.11.2022, lch. 61).

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2194 ón gComhairle an 10 Samhain 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/2063 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala (IO L 292, 11.11.2022, lch. 24).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2063 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

## IARSCRÍBHINN

PUBLIC

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2063 mar a leanas:

(1) i liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí, scriostar iontráil 3; agus

(2) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha 2, 7 , 8, 11, 14, 16, 19, 21, 23, 24, 25, 29, 31, 38, 51 agus 53:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘2. | Gustavo Enrique GONZÁLEZ LÓPEZ | Dáta breithe: 2 Samhain 1960<br>Inscne: fireann | Athcheapadh é ina ardstiúrthóir ar an tSeirbhís Náisiúnta Faisnéise Bholavarach (SEBIN) an 30 Aibreán 2019. Comhairleoir slándála agus faisnéise don Uachtarán Maduro ó mhí Eanáir 2019 agus Ard-Stiúrthóir SEBIN ó mhí Feabhra 2014 go dtí mí Dheireadh Fómhair 2018. Le linn dó a bheith ina stiúrthóir ar SEBIN, rinne oifigigh faoina údarás deiridh gníomhaíochtaí coinneála treallacha, céastóireachta agus íde atá cruálach agus mídhaonna, lena n-áirítear foréigean gnéasach in ionad coinneála El Helicoide. Agus é ina Ard-Stiúrthóir SEBIN, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine lena n- áirítear coinneáil threallach, íde atá mídhaonna agus táireach, agus céastóireacht agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach i Veiniséala. | 22.1.2018 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 7. | Diosdado CABELLO RONDÓN | Dáta breithe: 15 Aibreán 1963<br>Inscne: fireann | Comhalta den Tionól Náisiúnta, nár toghadh go daonlathach, Iar-Uachtarán ar an Tionól Bunreachta agus an Chéad Leas-Uachtarán ar Pháirtí Sóisialach Aontaithe Veiniséala (PSUV). É rannpháirteach sa bhonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala agus leis an gcos ar bolg atá á imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as na meáin chun ionsaí poiblí agus bagairt a dhéanamh ar an bhfreasúra polaitiúil, ar na meáin eile agus ar an tsochaí shibhialta agus orduithe a thabhairt chun daoine aonair a choinneáil, lena n-áirítear orduithe a thabhairt don tSeirbhís Náisiúnta Faisnéise Bholavarach (SEBIN). | 22.1.2018 |
| 8. | Tareck Zaidan EL-AISSAMI MADDAH | Dáta breithe: 12 Samhain 1974<br>Inscne: fireann | Bhí sé tráth ina Leas-Uachtarán um an nGeilleagar agus ina Aire Cumhachta Pobail um Amhola agus um Thionsclaíocht agus Táirgeadh Náisiúnta. Agus é ina iar-Leas-Uachtarán ar Veiniséala, le formhaoirseacht aige ar stiúradh na Seirbhíse Náisiúnta Faisnéise Bolavaraí (SEBIN), tá Tareck El-Aissami freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a rinne an eagraíocht, lena n-áirítear coinneáil threallach, imscrúduithe a raibh cúiseanna polaitiúla leo, íde atá mídhaonna agus táireach, agus céastóireacht. Tá sé freagrach freisin as tacú le beartais agus gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas agus den smacht reachta, agus as na beartais agus na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme, lena n- áirítear léirsithe poiblí a chosc, agus tá sé i gceannas ar fhórsa frith-*coup d'état* an Uachtaráin Maduro, a raibh an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach mar sprioc aige. | 25.6.2018 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 11. | Iván HERNÁNDEZ DALA | Dáta breithe: 18 Bealtaine 1966<br>Inscne: fireann | Maor-Ghinearál in Arm Náisiúnta Bolavarach Veiniséala. Ard-Stiúrthóir na Frithaisnéise Míleata ó mhí Eanáir 2014 agus Ceann ar Gharda an Uachtaráin ó mhí Mheán Fómhair 2015. Agus é ina cheann ar an bhFrithaisnéis Mhíleata, tá Iván Hernández Dala freagrach as an gcos ar bolg agus as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus a d'imir baill na Frithaisnéise Míleata faoina cheannas ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, lena n- áirítear céastóireacht, úsáid fornirt iomarcaigh agus drochíde a thabhairt do dhaoine faoi choinneáil. | 25.6.2018 |
| 14. | Sandra OBLITAS RUZZA | Dáta breithe: 7 Meitheamh 1969<br>Inscne: baineann | Aire Oideachais Ollscoile. Roimhe sin, bhí sí ina reachtaire ar Universidad Bolivariana de Venezuela (Ollscoil Bholavarach Veiniséala). Roimhe sin, bhí sí ina Leas-Uachtarán ar an gComhairle Náisiúnta Toghchán agus ina hUachtarán ar Choimisiún an Chláir Sibhialtach agus Toghthóirí. Tá sí freagrach as gníomhaíochtaí na Comhairle Náisiúnta Toghchán a bhain an bonn den daonlathas i Veiniséala, lena n- áirítear bunú an Tionóil Bunreachta neamhdhlisteanaigh agus ionramháil an phróisis toghcháin a éascú. | 25.6.2018 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 16. | Katherine Nayarith HARRINGTON PADRÓN | Dáta breithe: 5 Nollaig 1971<br>Inscne: baineann | Uachtarán Chuaird Bhreithiúnach Choiriúil Limistéar Cathrach Caracas. Roimhe sin, bhí sí ina Leas-Phríomh-Ionchúisitheoir (a aistrítear mar Leas- Ard-Aighne freisin) ó mhí Iúil 2017 go dtí mí Dheireadh Fómhair 2018, cheap an Chúirt Uachtarach, seachas an Tionól Náisiúnta, ina Leas-Phríomh-Ionchúisitheoir í, de shárú ar an mbunreacht. Tá sí freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n- áirítear trí ionchúisimh arb í an pholaitíocht is siocair leo a thionscnamh agus gan imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le sáruithe ar chearta an duine ag réimeas Maduro. | 25.6.2018 |
| 19. | Nestor Neptali BLANCO HURTADO | Dáta breithe: 26 Meán Fómhair 1982<br>Uimhir aitheantais: V-15222057<br>Inscne: fireann | Ceannasaí i gcrios frithaisnéise míleata Uimh. 32 i réigiún Los Llanos. Mar mhaor sa Gharda Náisiúnta Bolavarach, ghníomhaigh sé i gcomhar le hoifigigh sa Ard-Stiúrthóireacht na Frithaisnéise Míleata (Dirección General de Contrainteligencia Militar (DGCIM)) ó mhí na Nollag 2017 ar a laghad. Tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céastóireacht, úsáid fornirt iomarcaigh agus drochíde a thabhairt do dhaoine faoi choinneáil i saoráidí DGCIM. | 27.9.2019 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 21. | Carlos Alberto CALDERÓN CHIRINOS | Uimhir aitheantais: V-10352300<br>Inscne: fireann | Oifigeach le scothfhórsa Phóilíní Náisiúnta Veiniséala (PNB/FAES). Roimhe sin, ba shealbhóir oifige sinsearaí (dá ngairtear Coimisinéir Ginearálta, Stiúrthóir El Helicoide agus Stiúrthóir Imscrúduithe Straitéiseacha) sa tSeirbhís Náisiúnta Faisnéise Bholavarach (SEBIN) é. Faoina mhaoirseacht, rinne oifigigh na Stiúrthóireachta Imscrúduithe Straitéiseacha coinneáil neamhdhleathach, gníomhartha céastóireachta agus drochíde eile agus foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe. Tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n- áirítear céastóireacht, úsáid fornirt iomarcaigh agus drochíde a thabhairt do dhaoine faoi choinneáil i saoráidí SEBIN. Go háirithe, ghlac sé páirt i ngníomhartha céastóireachta agus in íde atá cruálach, mídhaonna agus táireach ar dhaoine faoi choinneáil in El Helicoide, príosún SEBIN, agus is é atá freagrach as na gníomhartha sin. | 27.9.2019 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 23. | Rafael Antonio FRANCO QUINTERO | Dáta breithe: 14 Deireadh Fómhair 1973<br>Uimhir aitheantais: V-11311672<br>Inscne: fireann | Briogáidire-Ghinearál Arm Náisiúnta Bolarvarach Veiniséala. Gníomhaí sa tSeirbhís Náisiúnta Faisnéise Bholavarach (SEBIN). Ceann Slándála ag Aerfort Idirnáisiúnta Maiquetía ó mhí Lúnasa 2019. Stiúrthóir na Stiúrthóireachta Speisialta Imscrúduithe Coiriúla agus Coiriúlachta in Ard-Stiúrthóireacht na Frithaisnéise Míleata (Dirección General de Contrainteligencia Militar (DGCIM)) idir mí na Samhna 2016 agus mí na Samhna 2018. Tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céastóireacht, úsáid fornirt iomarcaigh agus drochíde a bheith á tabhairt, ag baill DGCIM faoina cheannas, do dhaoine faoi choinneáil i saoráidí DGCIM go háirithe in ionad coinneála Boleita. Ina theannta sin, luadh oifigigh faoina údarás le foréigean gnéasach i gcoinne daoine faoi choinneáil. Tá sé freagrach freisin as cos ar bolg ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach a bheith á imirt ag baill DGCIM faoina cheannas. Meastar go bhféadfadh sé go raibh baint aige le bás an Chaptaein Acosta. | 27.9.2019 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 24. | Alexander Enrique GRANKO ARTEAGA | Dáta breithe: 25 Márta 1981<br>Uimhir aitheantais: V-14970215<br>Inscne: fireann | Ceann (Stiúrthóir) an Rannáin Gnóthaí Speisialta (DAE) d'Ard-Stiúrthóireacht na Frithaisnéise Míleata (Dirección General de Contrainteligencia Militar (DGCIM)) ó 2017. Ceann Oifige in ionad coinneála Boleita de chuid DGCIM ón 29 Lúnasa 2022. Ó 2017 go 2022, d'ordaigh sé coinneáil threallach, fuadach forfheidhmithe gearrthéarmach, céastóireacht, lena n-áirítear foréigean gnéasach, agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, rinne sé maoirseacht ar na heachtraí sin agus ghlac sé páirt dhíreach iontu. Ceapadh é ina leifteanantchoirnéal den Gharda Náisiúnta Bolavarach an 1 Iúil 2020. Tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n- áirítear céastóireacht, úsáid fornirt iomarcaigh a ba chúis le bás agus gortú, agus drochíde a bheith á tabhairt, aige féin agus ag oifigigh faoina cheannas, do dhaoine faoi choinneáil i saoráidí DGCIM. Tá sé freagrach freisin as cos ar bolg ar an tsochaí shibhialta a bheith á imirt ag baill DGCIM faoina cheannas, chomh maith le baint dhíreach a bheith aige féin leis an gcos ar bolg sin. Meastar go bhféadfadh sé go raibh baint aige le bás an Chaptaein Acosta Arévalo. | 27.9.2019 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 25. | Hannover Esteban GUERRERO MIJARES | Dáta breithe: 14 Eanáir 1971<br>Inscne: fireann | An Dara Ceannasaí agus an Ceann Foirne ar an 35ú Briogáid Póilíní Airm ó 2019. Stiúrthóir na Stiúrthóireachta Speisialta Imscrúduithe Coiriúla agus Coiriúlachta in Ard-Stiúrthóireacht na Frithaisnéise Míleata (Dirección General de Contrainteligencia Militar (DGCIM)) ó mhí na Samhna 2018 go mí Lúnasa 2019. Ina cháil mar Stiúrthóir ar an Stiúrthóireacht Speisialta Imscrúduithe Coiriúla agus Coiriúlachta, rinne sé maoirseacht ar shaoráid DGCIM in ionad coinneála Boleita. Le linn na tréimhse sin, rinne oifigigh DGCIM gníomhartha céastóireachta agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, chomh maith le foréigean gnéasach, in Boleita. Tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n áirítear céastóireacht, úsáid fornirt iomarcaigh agus drochíde a bheith á tabhairt aige féin agus ag oifigigh faoina cheannas, go háirithe in Boleita, do dhaoine faoi choinneáil. Meastar go bhféadfadh sé go raibh baint aige le bás an Chaptaein Acosta Arévalo. | 27.9.2019 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 29. | Elvis Eduardo HIDROBO AMOROSO | Dáta breithe: 4 Lúnasa 1963<br>Áit bhreithe: Caracas, Distrito Capital, Veiniséala<br>Uimhir aitheantais: V-7659695<br>Inscne: fireann | Uachtarán Choimisiún Náisiúnta Toghchán Veiniséala ón 24 Lúnasa 2023. Roimhe sin, bhí sé ina Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (idir an 23 Deireadh Fómhair 2018 agus mí Lúnasa 2023) agus bhí sé ina Chéad agus ina Dhara Leas-Uachtarán ar an Tionól Bunreachta Náisiúnta, nach n-aithnítear. Bhain a chuid gníomhaíochtaí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear trí na nithe seo a dhéanamh: toirmeasc a chur ar chomhaltaí an fhreasúra a bheith i bhfeidhmeannas poiblí go ceann 15 bliana; ceannas a bheith aige ar an Tionól Bunreachta Náisiúnta, nach n-aithnítear; an dlí 'i gcoinne an fhuatha' a shíniú; údar a thabhairt le gobharnóir freasúra, a toghadh go dlíthiúil, a chur as oifig; agus toirmeasc a chur ar Juan Guaidó seasamh d'aon oifig phoiblí. | 29.6.2020 |
| 31. | Jorge Elieser MARQUÉZ MONSALVE | Dáta breithe: 20 Feabhra 1971<br>Áit bhreithe: Caracas, Veiniséala<br>Uimhir aitheantais: V-8714253<br>Inscne: fireann | Aire in Oifig na hUachtaránachta ó mhí na Samhna 2017 agus Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin Náisiúnta Teileachumarsáide (CONATEL) ón 7 Lúnasa 2017. Bhain a chuid gníomhaíochtaí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n- áirítear trí shrian ollmhór a chur le cearta mhuintir Veiniséala maidir le saoirse an phreasa, saoirse cainte agus saoirse chun faisnéis a fháil. Bhain sé úsáid as cumhachtaí speisialta CONATEL chun lucht cáinte agus daoine nár aontaigh leis an réimeas a chur ina dtost trína suíomhanna gréasáin a bhlocáil, scagadh a dhéanamh orthu, bac a chur orthu agus trí cheadúnais atá ann cheana do stáisiúin raidió agus teilifíse a chúlghairm agus trí dhiúltú chinn nua a dheonú. | 29.6.2020 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 38. | Omar José PRIETO FERNÁNDEZ | Dáta breithe: 25 Bealtaine 1969<br>Uimhir aitheantais: V-9761075<br>Inscne: fireann | Iar-Ghobharnóir stát Zulia (2017 - 2021). Sa phost sin, bhain sé an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i stát Zulia. Cuireadh faoi mhionn oifige é sa Tionól Bunreachta Náisiúnta, nach n-aithnítear, tar éis do bhuaiteoir dlisteanach an toghcháin diúltú a bheith curtha faoi mhionn oifige sa Tionól. Chuir Omar José Prieto Fernández na toghcháin neamhdhaonlathacha don Tionól Náisiúnta a bhí ar siúl an 6 Nollaig 2020 chun cinn go gníomhach. Thairis sin, i stát Zulia, bhagair sé 'cuairteanna baile' ar cheannairí freasúra agus dúirt sé go ndearbhódh sé go raibh stát Zulia neamhspleách dá nglacfadh rialtas eatramhach faoi cheannas Juan Guaidó cumhacht. Comhalta gníomhach de Pháirtí Sóisialach Aontaithe Veiniséala (PSUV) é. | 22.2.2021 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 51. | Carlos Ramón Enrique CARVALLO GUEVARA | Uimhir aitheantais: V-10132041<br>Inscne: fireann | Uachtarán ar an bhfiontar stáit Corporación Ecosocialista Ezequiel Zamora (CORPOEZ) ó mhí an Mhárta 2021. Ginearál rannáin agus Leas-Stiúrthóir Ard-Stiúrthóireacht na Frithaisnéise Míleata (Dirección General de Contrainteligencia Militar (DGCIM)) ón 21 Lúnasa 2020. Comharba é ar an nGinearál Rafael Ramón Blanco Marrero. Roimhe sin, bhí Carvallo Guevara ar fiannas le DGCIM i réigiún Los Andes agus bhí post ardchéime aige sa Gharda Náisiúnta Bolavarach. Tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Veiniséala a rinne oifigigh de chuid DGCIM a bhí faoina cheannas. Sna torthaí ón Misean Neamhspleách Idirnáisiúnta Aimsithe Fíricí faoi Phoblacht Bholavarach Veiniséala a foilsíodh an 20 Meán Fómhair 2022, cuirtear síos ar DGCIM mar institiúid atá freagrach go díreach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine. | 22.2.2021 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 53. | Carlos Enrique TERÁN HURTADO | Uimhir aitheantais: V-8042567<br>Inscne: fireann | Ginearál rannáin in Arm Náisiúnta Bolarvarach Veiniséala ó 2022. Stiúrthóir na Stiúrthóireachta Speisialta Imscrúduithe Coiriúla agus Coiriúlachta in Ard-Stiúrthóireacht na Frithaisnéise Míleata (Dirección General de Contrainteligencia Militar (DGCIM)) ó mhí Lúnasa 2019 go mí Feabhra 2021. I bhfeidhmeanna roimhe sin, bhí an Briogáidire-Ghinearál Terán Hurtado ina cheann ar na póilíní i stát Falcón agus ina cheann ar DGCIM i stát Táchira. Tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear íde atá cruálach, mídhaonna ar dhaoine faoi choinneáil, a rinne oifigigh de chuid DGCIM a bhí faoina cheannas. Sna torthaí mionsonraithe ón Misean Neamhspleách Idirnáisiúnta Aimsithe Fíricí faoi Phoblacht Bholavarach Veiniséala, luaitear go sonrach go bhfuil an Briogáidire-Ghinearál Terán Hurtado ar cheann de na gníomhaithe freagracha, agus go bhfuil baint aige le cás an Chaptaein de la Sotta. | 22.2.2021'. |

PUBLIC

---